*46 Faiche Stiabhna • Baile Átha Cliath 2 • Éire*
*46 St Stephen's Green • Dublin 2 • Ireland*

# CAIRT CHUSTAIMÉIRÍ

## ÁR nGEALLTANAS DUITSE

- An tseirbhís is fearr agus is féidir a sholáthar, ar bhealach éifeachtach, cuiditheach.
- Caitheamh le gach éinne ar bhealach cuí, cothrom, neamhchlaonta, cuirtéiseach.
- Ár ndícheall a dhéanamh freastal ar aon riachtanas speisialta agat.
- Ár ndícheall a dhéanamh agus ár seirbhísí ár soláthar a chinntiú go seastar leis an gceart atá agat go gcaithfí go comhionann leat, de réir mar atá de cheart agat faoin reachtaíocht chomhionannais

## OSCAILTEACHT AGUS NEAMHCHLAONTACHT

Déanfaimid ár ndícheall:

- freagraí a thabhairt duit ar bhealach oscailte;
- faisnéis a sholáthar fúinne agus faoi na seirbhísí a chuirimid ar fáil do chustaiméirí;
- faisnéis a sholáthar de réir mar atá sonraithe sna hAchtanna um Shaoráil Faisnéise;
- faisnéis a sholáthar ar ár suíomh gréasáin, ar faisnéis í atá beacht agus éasca rochtain a fháil uirthi;
- gnáthamh gearán a chur i bhfeidhm do chustaiméirí nach bhfuil sásta le cáilíocht na seirbhíse a fuair siad.

## ÁR bhFEIDHMÍOCHT

Déanfaimid ár ndícheall:

- monatóireacht agus meastóireacht a dheanamh ar ár bhfeidhmíocht;
- bualadh le gach custaiméir laistigh de 5 nóim ón tráth a dtagann siad isteach san fhoirgneamh;
- freagairt do gach fiosrú, comhfhreagras scríofa agus ríomhphost laistigh de 7 lá oibre óna fháil;
- 90% de gach iarratas iasachta a fhaomhadh agus a eisiúint laistigh de 7 lá oibre;
- a chinntiú go gcoinnítear ár suíomh gréasáin cothrom le dáta;
- agus dul i gcomhairle lenár gcustaiméirí ar bhonn rialta agus a rannpháirtíocht a spreagadh i dáil le forbairt, soláthar agus athbhreithniú ár seirbhísí.

## ROCHTAIN

- Tá an oifig ar oscailt ar laethanta oibre ó 9.00am go 1.00 pm agus 2.15pm go 5.00 pm.
- Cloíonn an oifig le caighdeáin cheirde agus sábháilteachta.
- Déantar gach iarracht meas a léiriú ar phríobháideach agus timpeallacht chompordach a chruthú do dhaoine a thugann cuairt ar ár n-oifig.
- Féadfaidh Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta iarratas ar mhaoiniú a chur chuig HFA trí an idirlíon agus an ríomhphost. Ansin is féidir le gach Údarás Áitiúil


M Norris (Chairman), B O'Leary (Chief Executive Officer), P Cafferty, J Hogan, G Leahy, J Maguire, J Miley, M Murphy, M Murray, P Nugent, ML Rhodes.
Company Secretary: T Conroy. Registered in Ireland No. 87513

agus Comhlacht Ceadaithe Tithíocht rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn a n-iasachta agus eolas a fháil maidir lena gcuntais iasachta.

## IS FÉIDIR LEATSA CUIDIÚ LINN LEIS SIN

- trí fhaisnéis iomlán bheacht a sholáthar;
- trí chaitheamh lenár bhfoireann ar an mbealach ar mhaith leat go gcaithfí leat féin;
- agus trí uimhir theileafóin lae nó seoladh ríomhphoist a sholáthar i do chomhfhreagras.

## SEIRBHÍS TRÍ MHEÁN NA GAEIGLE

Déanfaimid ár ndícheall:

- A dhéanamh deimhin de go mbeidh custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge in ann sin a dhéanamh.
- Go mbeadh sé ina pholasaí ag HFA leagan Gaeilge a sholáthar de gach doiciméad cuí.

## AISEOLAS

Tá an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta tiomanta de dul i gcomhairle lenár gcustaiméirí agus a sheirbhísí féin a mheas. Is féidir leatsa cuidiú linn ar na bealaí seo:

- tuairimí, gearáin agus moltaí a dhéanamh maidir leis an tseirbhís a fuair tú;
- a chur in iúl dúinn i gcás gur éirigh go maith linn le seirbhís ar leith;
- trí aon fhoirmeacha suirbhé i measc custaiméirí a chuirimid chugat a chomhlánú agus a chur ar ais chugainn.

Más mian leat moladh a chur chugainn faoi conas a d’fhéadfaimis feabhas a chur ar ár seirbhís duitse, cuir ríomhphost chuig
cosec@hfa.ie

## CONAS GEARÁN A DHÉANAMH

I gcás go bhfuil gearán agat faoin tseirbhís arna soláthar, ba chóir duit scríobh chuig an Oifig um Cháilíocht Seirbhíse do Chustaiméirí don Ghníomhaireacht. Déanfaimid ár ndícheall rudaí a chur ina gceart duit i gcás go bhfuil botún déanta againne. Déanfaimid do ghearán a admháil laistigh de 3 lá oibre agus déanfaimid ár ndícheall déileáil le do ghearán laistigh de 10 lá oibre. I gcás go mbeidh orainn tuilleadh taighde a dhéanamh, cuirfimid tú ar an eolas faoi agus déanfaimid iarracht é a bheith i gcrích laistigh de 20 lá oibre.

Ag an tráth sin, mura bhfuil tú sásta leis an toradh, is féidir leat scríobh chuig Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta ag an seoladh thíos.

**TEAGMHÁIL LINN**

Teileafón: (01) 8725722

Facs: (01) 8725878

Ríomhphost: cosec@hfa.ie

Suíomh Gréasáin: http://www.hfa.ie

Oifig: 46 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.